Ard-Mhúsaem na hÉireann
Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar críoch
31 Nollaig 2011

CLÁR ÁBHAIR

Leathanach

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	**3**
Ráiteas ar an Rialú Airgeadais Inmheánach	**4 - 5**
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	**6 - 7**
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	**8**
Ráiteas ar Shochair agus ar Chaillteanais Iomláin Aitheanta	**9**
Clár Comhardaithe	**10**
Ráiteas Sreabhadh Airgid	**11**
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais	**12 - 26**

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Tíolacann Ard-Mhúsaem na hÉireann a thuarascáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Freagrachtaí Bhall an Bhoird

Cuireann Rannóg 35 den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997, de cheangal ar an mBord Ráitis Airgeadais a ullmhú i bhfoirm a bhféadfadh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a fhaomhadh le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Ag ullmhú na Ráiteas Airgeadais sin dóibh, is gá leis an mBord:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ansin go seasta d'fhonn radharc fíor agus cothrom ar staid chúrsaí Ard-Mhúsaem na hÉireann a thaispeáint.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnó leanúnaigh.
- Aon tréigeadh ábharach de chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá Baill an Bhoird freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am ar bith staid airgeadais an Mhúsaeim agus a ligeann dóibh a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le Rannóg 35 den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997.

Tá an Bord freagrach as maoirseacht na ndéantán, atá faoi chúram an Stáit.

Tá an Bord freagrach fosta as sócmhainní an Mhúsaeim a shlánú agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a thógaint ar mhaithe le cosc agus bleachtaireacht calaoise agus neamhrialtachtaí eile.

Thar ceann an Bhoird:

_____ _____

John O'Mahony
Cathaoirleach

Ball den Bhord

Dáta:

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Freagracht as Córas Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Thar ceann Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann aithním ár bhfreagras as a chinntiú go gcothaítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialú airgeadais inmheánach.

Is feidir leis an gcóras dearbhú leis go réasúnta ach ní go hiomlán ag an am céanna go slánaítear na sócmhainní, go gceadaítear na hidirbhearta agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí ábharacha nó neamhrialtachtaí nó go gheofaí amach iad i dtréimhse tráthúil.

Eochairnósanna Imeachta Rialacháin

Rinne an Bord gach beart chun timpeallacht rialacháin chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléar;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialacháin suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhú coigeartaithe iomchuí a chinntiú.

Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an mBord chun fiontair ghnó a aithinit agus a luacháil trí:

- Nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na bhfiontar lena bhfuil an comhlacht ag dul i ngleic a aithinit, agus an fhairsinge agus na hearnálacha san áireamh, atá inghlactha dar leis;
- An dhealraitheacht go dtitfidh na fiontair aitheanta amach a mheasúnú;
- Cumas an Mhúsaeim chun na fiontair a thiteann amach a bhainistiú agus a mhaolú, a mheasúnú;
- Costais oibrithe rialtán faoi leith a mheasúnú i gcoimhneas leis an leas a fhaightear.

Tá an córas rialacháin airgeadais inmheánach bunaithe ar chreatlach d'eolas bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin le hidirdheighilt na ndualgaisí san áireamh, agus ar chóras tarmligin agus freagrachta.

Cuimsíonn sé ach go háirithe:

- Córas buiséadachta cuimsitheach le buiséad bliantúil a n-athbhreithníonn agus a n-aontaíonn an Bord;
- Athbhreithnithe Ráithiúla an Bhoird ar an eolas airgeadais a léiríonn feidhmiú airgeadais in éadan na réamhaisnéisí;
- Cuspóirí a leagadh síos chun feidhmiú airgeadais agus feidhmiú eile a thomhas;
- Treoirlínte rialacháin infheistithe chaipitil sainmhínithe go soiléar;
- Smachta foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Tá Coiste Iniúchta bunaithe ag Bord an Mhúsaeim agus tá téarmaí tagartha an Choiste leagtha síos aige. Tháinig an Coiste le chéile ar chúig ócáid sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011. Sheachfhoinsigh Ard-Mhúsaem na hÉireann an fheidhm iniúchta inmheánach go dtí 2013.

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH ..… ar leanúint
Freagracht as Córas Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Oibríonn Iniúchadh Inmheánach de réir Chreatlach Chód an Chleachtais Is Fearr leagtha síos sa Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí an Stáit. Foirmítear a chuid oibre trí anailís na bhfiontar atá i mbealach an Mhúsaeim, agus tá pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Tá anailís an riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh formhuinithe ag an gCoiste Iniúchta agus faofa ag an mBord. Go bliantúil ar a laghad soláthraíonn an Coiste Iniúchta tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh don Bhord.

Scrúdaíonn na hiniúchóir inmheánach, ar bhonn rollta, na rialtáin inmheánacha sna réimsí airgeadais is mó tábhacht agus tuairiscíonn sé a chinntí don Choiste Iniúchta. Cíorann an Coiste Iniúchóireachta na tuarascálacha iniúchta inmheánaigh uile. Cuirtear na tuarascálacha seo mar aon leis moltaí in iúl don Bhord chun ligint don Bhord a chuid dualgaisí maoirseachta a chomhlíonadh.

Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialtáin

Deineadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánaigh maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

<u>Thar ceann an Bhoird:</u>

_____

An. Dr. John O'Mahony - Cathaoirleach **Dáta:**

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

1. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin mhodh cuntasaíochta fabhraithe, ach amháin mar a mhaítear faoi mhír 4, agus faoin ghnás chostas stairiúil i bhfoirm faofa ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le comhthoiliú an Aire Airgeadais de réir Alt 35 den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997.

Glactar le Caighdeáin Thuairiscithe Airgeadais a mholann na Comhlachtaí Cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a n-éiríonn siad oibríoch.

2. Sócmhainní Oidhreachta agus Bailiúcháin

De réir an Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997 tá réada oidhreachta uile an Mhúsaeim i seilbh an Stáit.

Tá an chumhacht ag Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann bailiúchán réad oidhreachta an mhúsaeim a mhéadú, mar a n-éilíonn an dlí agus ar mhaithe le leas an phobail.

Gearann Ard-Mhúsaem na hÉireann caiteachas ar réada oidhreachta de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina gceannaítear iad.

Tá an chumhacht ag Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann fosta réada oidhreachta an Mhúsaeim a thabhairt ar iasacht, faoi réir forálacha Alt 17 den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997.

Níl sócmhainní oidhreachta frithchaite faoi láthair sa chlár comhardaithe. Is í is cúis leis seo ná nádúr ilchineálach na réad coinnithe, líon na réad agus easpa margadhluachanna comparáideacha.

Ní ghlacann Ard-Mhúsaem na hÉireann leis na moltaí mar atá siad leagtha amach faoi FRS30 de bhrí gur leis an Stát na sócmhainní oidhreachta.

3. Bunsócmhainní Soláimhsithe agus Dímheas

Léirítear bunsócmhainní soláimhsithe ag an gcostas lúide dímheas carntha.

Caitear bunshócmhainní soláimhsithe faoin dtairseach caipitlithe de €1,000 sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais i mbliain an cheannaigh (cé is moite de shócmhainní Teicneolaíochta Faisnéise dar tairseach €750.)

Cuirtear dímheas de mhuirear sa chuntas ioncaim agus caiteachais, ar bhonn líne dírí, ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos, chun costas na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe d'iarmharluach measta, os cionn saolré ionchais ionchasach an uile chatagóir chuí.

- Trealamh 20%
- Teicneolaíocht Faisnéise 33.33%
- Córas Bainistíochta Airgeadais 20%
- Troscán 10%
- Sócmhainní Taispeántais 20%

4. Aitheantas Ioncaim

Déantar tuairisc ar dheontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar bhonn fáltas agus léiríonn siad deontais airgid thirim a fuarthas sa bhliain.

5. Siopaí

Oibríonn an músaem na siopaí agus díolann siad míreanna stoic d'airgead tirim. Measúntar an stoc ag an gcostas nó an luach inréadaithe glan, cibé is ísle.

6. Cuntas Caipitil

Aistrítear deontais an Stáit úsáidte do cheannach bunshócmhainní go dtí an Cuntas Caipitil sa bhliain ina thabhaítear an caiteachas agus cuirtear iad chun sochair d'ioncam os cionn saolréanna ionchais na sócmhainní gaolmhara.
Léiríonn iarmhéid an Chuntais Chaipitil na maoine neamhamúchta úsáidte do ghnóthú bunshócmhainní.

7. Aoisliúntas

De réir Rannóg 33 den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997, cuireadh Scéim Aoisliúntais déanta suas de Phríomhscéim agus de Scéim Chomhlachaithe do Chéilí & Leanaí faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar mhaithe le faomhadh ón Aire mar aon le toiliú an Aire Airgeadais.

Is scéim shochair shainmhínithe í Scéim Aoisliúntais Fhoireann Ard-Mhúsaem na hÉireann a mhaoinítear go bliantúil ó airgead a chuirtear ar fáil d'Ard-Mhúsaem na hÉireann leis an gcionroinnt a fuarthas ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Cuimsíonn na sochair aisce scoir agus pinsean bliantúil, aisce bháis (Príomhscéim), agus pinsean do chéilí agus / nó do chleithiúnaithe (más bainteach é) má éagann an ball bás roimh a chéile / a céile (Scéim do Chéilí & Leanaí).

Méadóidh pinsin i gcoitinne, faoi réir faomhadh an Aire, de réir méaduithe pá inniúla infheidhmithe don fhoireann reatha agus téann méaduithe pá den sórt sin i bhfeidhm ar na dátaí céanna agus na méaduithe pá.

Frithchaitheann costais an phinsin sochair an phinsin a ghnóthaíonn an fhoireann sa tréimhse agus léirítear iad glan ó aisbhaintí pinsin na foirne a choinníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann. Aithnítear aon mhéid ar chomhréir leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inaisghafa ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus slánaithe le deontais faighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Tá na sochair agus na caillteanais achtúireacha ag eascairt ó dhliteanais na scéime aitheanta i Ráiteas na Sochar agus na gCaillteanas Iomlán Aitheanta agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa mhéid inghnóthaithe ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Léiríonn dliteanais phinsin luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin le teacht a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach, le gnóthú sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

8. Léasanna

Aithníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann íocaíochtaí faoi léas oibriúcháin mar chaiteachas thar téarma an léasa.

9. Deontais Caipitil

Amharctar ar na deontais ar nádúr caipitil iad geall le hioncam iarchurtha agus táid fuascailte don chuntas Ioncaim agus Caiteachais ag na rátaí céanna go ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

		2011 €	2011 €	2010 €	2010 €
IONCAM	**Nótaí**				(Athshonraithe)
Deontas an Oireachtais	**3(a)**		14,217,690		15,066,291
Díolacháin Shiopaí an Mhúsaeim	**2**	824,982	00	812,060	0
Costas na nDíolachán		(421,541)	0 0	(467,584)	0
Brabús Glan Shiopaí an Mhúsaeim			403,441		344,476
Ioncam Acmhainní Dílse	**3(b)**		94,253		180,288
Urraíocht agus Deonacháin			9,156		24,953
Ús Taisce Faighte			23,021		13,617
Maoiniú Iarchurtha do Phinsin sa Bhliain	**14(c)**		2,864,000		3,017,000
IONCAM IOMLÁN			**17,611,561**		**18,646,625**
CAITEACHAS					
Riarachán	**5**		9,856,008		10,105,702
Seirbhisí	**6**		3,722,402		3,818,925
Bailiúcháin	**7**		1,184,001		1,584,689
Déantáin / Eiseamláirí	**8**		273,292		269,252
Caiteachas Shiopa an Mhúsaeim	**2**		516,464		406,188
Caiteachas Acmhainní Dílse	**3(b)**		73,774		72,552
Costais Phinsin	**14(a)**		2,841,690		2,958,291
CAITEACHAS IOMLÁN			**18,467,631**		**19,215,599**
GLANCHAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN			**(856,070)**		**(568,974)**
Aistriú (go) / ón gCuntas Caipitil	**4**		252,062		604,774
Barrachas / (Easnamh) don bhliain			**(604,008)**		**35,800**
Iarmhéid ar 1 Eanáir			**1,950,805**		**1,915,005**
Iarmhéid ar 31 Nollaig			**1,346,797**		**1,950,805**

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:

John O'Mahony
Cathaoirleach

Ball den Bhord

Dáta:

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

RÁITEAS AR NA SOCHAIR AGUS AR NA CAILLTEANAIS IOMLÁIN AITHEANTA

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

RÁITEAS AR NA SOCHAIR AGUS AR NA CAILLTEANAIS IOMLÁIN AITHEANTA		**2011**	**2010**
		€	**€**
Farasbarr don Bhliain		**(604,008)**	**35,800**
Sochar / (caillteanais) tite amach ar dhliteanais na scéime pinsin	**14(b)**	364,000	3,417,000
Sochar / (caillteanas) ag eascairt as athrú sna toimhdeana achtúireacha		-	-
Sochar / (caillteanas) achtúireach ar dhliteanais na scéime pinsin		364,000	3,417,000
Coigeartú don mhaoiniú pinsin iarchurtha	**14(b)**	(364,000)	(3,417,000)
Sochar (caillteanais) iomlán aitheanta don Bhliain		**(604,008)**	**35,800**

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:

John O'Mahony
Cathaoirleach

Ball den Bhord

Dáta:

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

CLÁR COMHARDAITHE AR 31 NOLLAIG 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Bunshócmhainní			
Sócmhainní Soláimhsithe	**9**	**982,226**	**1,234,288**
		982,226	**1,234,288**
Sócmhainní Reatha			
Stoic Shiopa an Mhúsaeim	**20**	607,832	563,893
Feichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	**10**	281,100	660,010
Airgead Tirim sa mBanc		2,125,576	2,470,633
		3,014,508	**3,694,536**
Creidiúnaithe: Méideanna a n-éiríonn dlite laistigh de bhliain amháin	**11**	**1,667,711**	**1,743,731**
Socmhainní Reatha Glana		**1,346,797**	**1,950,805**
Socmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha		**2,329,023**	**3,185,093**
Creidiúnaithe: méideanna a n-éiríonn dlite tar éis níos mó ná bliain amháin			
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	**14 (c)**	29,500,000	27,000,000
Dliteanais Phinsin	**14 (b)**	(29,500,000)	(27,000,000)
Sócmhainní Glana Iomláin		**2,329,023**	**3,185,093**
Léirithe trí			
Cuntas Caipitil	**4**	982,226	1,234,288
Farasbarr Chuntas Ioncaim agus Caiteachais		1,346,797	1,950,805
		2,329,023	**3,185,093**

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo..

Thar ceann an Bhoird:

John O'Mahony
Cathaoirleach

Ball den Bhord

Dáta:

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

	2011 €	2010 €
Réiteach an Fharasbairr Oibriúcháin Ghlain		
Farasbarr (Easnamh) Oibriúcháin	(604,008)	35,800
Aistriú go / (ó) Chúlchiste Caipitil	(252,062)	(604,774)
Dímheas	637,061	710,949
Méadú / (Laghdú) ar na Feichiúnaithe	378,910	210,851
Méadú / (Laghdú) ar na Creidiúnaithe	(76,020)	395,553
(Méadú) / Laghdú ar na Stoic	(43,939)	41,892
Laghdú ar dhiúscairt sócmhainne	4,135	258
Insreabhadh Airgid Ghlain ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**44,077**	**790,529**
Ráiteas Sreabhadh Airgid		
Insreabhadh Airgid Thirim Ghlain ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	44,077	790,529
Íocaíochtaí chun sócmhainní a ghnóthú	(389,134)	(106,433)
Fáltais díola na sócmhainní	-	-
	(345,057)	**684,096**
(Laghdú) / Méadú ar an airgead tirim		
Réiteach an sreabhaidh airgid ghlain do ghluaiseachtaí sna cistí glana	2,125,576	2,470,633
	2,470,633	1,786,537
Cistí glana ar 31 Nollaig	**(345,057)**	**684,096**
Cistí glana ar 1 Eanáir		

Gluaiseacht sna cistí glana don bhliain

	Airgead ag an mbanc agus ar láimh
Anailís na n-athruithe sna cistí / (fiachais) glana	
Ar 1 Eanáir 2011	2,470,633
Sreabhaidh Airgid Tirim	(345,057
Ar 31 Nollaig 2011	**2,125,576**

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo..

Thar ceann an Bhoird:

Dr. John O'Mahony **Ball den Bhord**

Cathaoirleach

Dáta

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

1) Bunú Ard-Mhúsaem na hÉireann

Bunaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann mar chomhlacht neamhspleách ar 3 Bealtaine, 2005 faoi fhorálacha an Achta um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997 le Bord agus Stiúrthóir (Príomhfheidhmeannach).

An Bord

Cuimsíonn an Bord cathaoirleach agus cúigear ghnáthbhall déag.

Is iad príomhfheidhmeanna an Bhoird ná:

> "*An bailiúchán de réada oidhreachta an mhúsaeim a chothú, a bhainistiú, a smachtú, a chosaint, a chaomhnú, a thaighid, a thaifeadadh agus a leathnú ar leas an phobail agus eolas faoin saol daonna in Éirinn, faoi stair an dúlra in Éirinn agus faoi chaidreamh na hÉireann ina leith seo le tíortha eile a mhéadú agus a scaipeadh sa Stát agus taobh amuigh de fosta*".

An Stiúrthóir

Is iad feidhmeanna an Stiúrthóra mar atá leagtha amach faoi Rannóg 29 (3 [a]) den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997 ná riarachán agus gnó an Mhúsaeim a bhainisitú agus a smachtú go ginearálta agus feidhmeanna eile a d'fhéadfadh Bord an Mhúsaeim a shonrú a chomhlíonadh.

Maoiniú

Is í príomhfhoinse an mhaoinithe don Mhúsaem ná deontas curtha ar fáil ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 27 den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997.

Gineann an Músaem ioncam fosta ó roinnt gníomhaíochtaí tráchtála geall le miondíol, cearta fótagrafacha agus macasamhla, saincheadúnais lónadóireachta, táillí ó fheidhmeanna corparáideacha agus deonuithe poiblí agus urraíocht.

2) Ioncam agus caiteachas siopa

	2011 €	2010 €
Díolacháin	**824,982**	**812,060**
Costas na nDíolachán		
Stoc Oscailte	563,893	605,785
Ceannacháin	465,480	425,692
Stoc Dúnta	(607,832)	(563,893)
	421,541	**467,584**
Brabús Comhlán	**403,441**	**344,476**
Tuarastail agus riarachán		
Tuarastail	391,228	353,976
Costais riaracháin	125,236	52,212
	516,464	**406,188**
(Caillteanas) Glan	**(113,023)**	**(61,712)**

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

3) Ioncam

(a) Deontas an Oireachtais

	2011 €	2010 €
Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta		
Cuspóir reatha	12,240,000	13,125,000
Lúide: Ranníocaí aoisliúntais le n-aisíoc	(22,310)	(58,709)
	12,217,690	13,066,291
Cuspóirí caipitil	2,000,000	2,000,000
Deontas iomlán	**14,217,690**	**15,066,291**

(b) Ioncam acmhainní dílse

Baineann Ioncam Acmhainní Dílse le hioncam atá ginte trí chíos áiseanna Ard-Mhúsaem na hÉireann d'fhéastaí corparáideacha agus do chomhdhálacha agus cuimsíonn sé ioncam ginte ó na saincheadúnais lónadóireachta agus ó dhíolachán chearta fótagrafacha agus macasamhla.

	2011 €	2010 €
Ioncam Acmhainní Dílse:		
Fáilteachas Corparáideach	800	19,494
Lónadóireacht	56,291	118,572
	7,275	10,035
Cearta Fótagrafacha agus Macasamhla	11,109	18,611
Turasanna faoi Stiúir	4,608	2,790
Deontais Eile Faighte	12,833	9,700
Ioncam Eile	1,337	1,086
	94,253	180,288
Caiteachas Acmhainní Dílse:		
Tuarastail	23,320	41,953
Fógraíocht agus Margaíocht	6,982	8,238
Cothabháil agus Glanadh	-	636
Sainchomhairle	-	3,000
Lónadóireacht	301	6,147
Táillí Gairmiúla	18,000	10,720
Caiteachas Eile	25,171	1,858
	73,774	72,552
Ioncam Glan	**20,479**	**107,736**

Tá suim €16,856 do phionóis mar aon le hús tabhaithe trí riaráistí CBL mar chuid de shocrú ar thángthas air le hOifig na gCoimisnéirí Ioncaim mar chuid den Chiateachas eile thuasluaite.

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31ú NOLLAIG 2011

4) Cuntas Caipitil

	Nótaí	2011 €	2010 €
Iarmhéid ar 1 Eanáir		1,234,288	1,839,062
Aistrú go / (ó) Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais			
Chun ceannacháin bunsócmhainní a mhaoiniú	**9**	389,134	106,433
Amúchadh de réir dímheasa sócmhainne	**9**	(637,061)	(710,949)
Méid scaoilte ó dhiúscairt sócmhainne		(4,135)	(258)
		(252,062)	(604,774)
Iarmhéid ar 31 Nollaig		**982,226**	**1,234,288**

5) Caiteachas Riaracháin

		2011 €	2010 € (Athshonraithe)
Tuarastail		8,046,822	8,026,795
Fógraíocht – Earcaíocht		-	2,801
Teicneolaíocht Fhaisnéise		337,356	479,813
Taisteal agus Cothú		106,744	84,090
Táillí an Bhoird	**16**	102,991	32,918
Bord – Caiteachas Eile		14,664	9,251
Sainchomhairle		27,899	34,102
Riarachán go Ginearálta		25,210	25,310
Costais Thraenála		99,840	122,778
Costais Acmhainne Daonna		120,724	118,672
Páipéarachas Oifige agus Soláthairtí		14,708	22,615
Táillí Iniúchta		15,156	15,134
Iniúchadh Inmheánach		15,134	15,124
Caiteachais Eile		5,062	15,245
Socrú na nÉileamh	**18**	150,310	261,260
Muirear Dímheasa	**9**	637,061	710,949
Teileachumarsáid		136,327	128,845
		9,856,008	**10,105,702**

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

6) Caiteachas Seirbhísí

	Nóta	2011 €	2010 € (Athshonraithe)
Tacú le Taispeántas		481,178	208,135
Margaíocht agus Fógraíocht		352,879	703,081
Fóntais – agus Téamh, Soilsiú agus Muirir Uisce san áireamh		970,672	1,058,657
Slándáil		734,701	775,945
Cothabháil agus Glanadh		450,420	378,800
Postas agus Teileachumarsáid		20,685	14,147
Cláir Oideachais		155,310	200,760
Táillí Gairmiúla		-	19,922
Iompar agus Tarlú		37,770	35,259
Comharthú		5,274	7,853
Grianghrafadóireacht		63,894	81,668
Trealamh agus Soláthairtí Oifige		1,735	46,054
Cíos	12	396,011	248,989
Dearadh		51,873	39,655
		3,722,402	**3,818,925**

7) Caiteachas Bailiúchán

	2011 €	2010 €
Imscrúduithe / Taighde	25,023	36,728
Leabharlann	140,678	199,440
Oibreacha Caomhnaithe	247,818	479,550
Foilseacháin Acadúla	54,265	93,847
Tochailtí Bhaile Átha Cliath	58,763	76,013
Cartlann / Doiciméadú	483,685	555,925
Soláthairtí Caomhnaithe	26,842	32,546
Stóráil	146,927	110,640
	1,184,001	**1,584,689**

8) Déantáin agus Eiseamláirí

	2011 €	2010 €
Ceannacháin Déantán	226,236	241,740
Luaíochtaí Aimsitheoirí	18,608	17,677
Ceannacháin Eiseamláirí	12,840	5,914
Ilchostais	15,608	3,921
	273,292	**269,252**

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

9) Bunsócmhainní

	Trealamh	Teicneolaíocht Fhaisnéise	Troscán	Socmhainní Taispeántais	IOMLÁN
	€	€	€	€	€
COSTAS NÓ LUACHÁIL					
Ar an 1ú Eanáir 2011	2,879,674	1,498,045	786,783	2,581,896	7,746,398
Breiseanna	8,530	134,054	4,695	241,855	389,134
Diúscairtí	(23,271)	(197,452)	-	(132,733)	(353,456)
Ar an 31ú Nollaig 2011	**2,864,933**	**1,434,647**	**791,478**	**2,691,018**	**7,782,076**
DÍMHEAS CARNTHA					
Ar an 1ú Eanáir 2011	2,664,547	943,542	536,717	2,367,304	6,512,110
Muirear dímheasa don tréimhse	100,537	353,026	46,304	137,194	637,061
Diúscairtí	(20,016)	(196,573)	-	(132,732)	(349,321)
Ar an 31ú Nollaig 2011	**2,745,068**	**1,099,995**	**583,021**	**2,371,766**	**6,799,850**
GLANLUACHANNA LEABHAR					
Ar an 31ú Nollaig 2011	**119,865**	**334,652**	**208,457**	**319,252**	**982,226**
Ar an 31ú Nollaig 2010	**215,127**	**554,503**	**250,066**	**214,592**	**1,234,288**

Baineann Ard-Mhúsaem na hÉireann úsáid saor in aisce as an dtalamh agus as na foirgnimh atá i seilbh an Stáit agus a chothabháileann Oifig na nOibreacha Poiblí.

10) Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	2011	2010
	€	€
Réamhíocaíochtaí	235,978	645,433
Cuntais Infhála	19,649	920
Scéim Fostaí (Pas Taistil srl.)	25,473	4,733
Siopa agus Féichiúnaithe Eile	-	8,924
	281,100	**660,010**

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

11) Creidiúnaithe: Méideanna ag éirí dlite laistigh de bhliain amháin

	Nóta	2011 €	2010 €
Creidiúnaithe Tráchtála		2,266	1,452
Méideanna Faibhrithe		282,409	415,839
Cáin Shiarchoinneálach i leith Sheirbhísí Gairmiúla		22,007	35,444
CBL		67,786	24,923
Asbhaintí Párolla:		0	
Ranníocaí Aoisliúntais Fostaí		1,034,142	1,034,142
ÍMAT / ÁSPC		221,176	163,595
Eile		37,925	68,336
		1,667,711	**1,743,731**

Níl socraithe fós ag an Roinn Airgeadais conas ba chóir ranníocaí aoisliúntais fostaí asbhainte ó fhostaithe suas go dtí 31 Nollaig 2010 a láimhseáil. Ar fheitheamh an chinnidh seo tá Ard-Mhúsaem na hÉireann ag coimeád na ranníocaí coinnithe ar an 31 Nollaig 2011 agus tá siad áirithe in Airgead Tirim sa mBanc.

Íoctar asbhaintí pinsin sall go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ó Eanáir 2011 i leith.

12) Oibleagáidí

a) Oibleagáidí Cíosghnólachta

Tá oibleagáidí de €464,164 (2010: €396,011) ag Ard-Mhúsaem na hÉireann le n-íoc laistigh de dhá mhí déag ag teacht i leith oibleagáid cíosghnólacht fiche bliain an Lárionaid Acmhainne Bailiúchán i Sord, Co. Átha Cliath, ag tosnú ar 17 Meán Fómhair 2010.

Bhí an chéad íocaíocht de €645,000 i Nollaig 2009 don chéad naoi mí den léas go dtí 16 Meitheamh 2011 iniatach, tar éis sin tagann tréimhse aon bliana saor ó chíos ón 17 Meitheamh 2011 go 16 Meitheamh 2012. Dá bhrí sin is é an cíos iníoctha ag Ard-Mhúsaem na hÉireann ná €860,000 in aghaidh na bliana.
Seo a leanas iomlán na n-íosíocaíochtaí léasa todhchaíocha faoi léas oibriúcháin dochealaithe:

Éag an Léasa	2011 €	2010 €
Nach déanaí ná Bliain Amháin	464,164	396,011
Níos déanaí ná Bliain Amháin agus nach déanaí ná Cúig Bliana	2,116,011	2,184,164
Níos déanaí ná Cúig Bliana	14,370,836	14,370,836
	16,951,011	16,951,011

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

13) Tuarastail

a) Costais Fhostaí

	2011	2010
	€	€
Tuarastail – Feighlithe & Riaracháin	8,046,822	8,026,795
Tuarastail – Siopa an Mhúsaeim	391,228	353,976
Tuarastail – Seirbhísí Corparáideacha	23,320	41,953
	8,461,370	**8,422,724**

B'é líon iomlán na foirne fostaithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann ar 31 Nollaig 2011 ná 176 (2010: 183) agus díobh sin tá 2 (2009: 2) fhostaí ar iasacht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Asbhaineadh €463,347 de thobhach pinsin sa bhliain agus íocadh é sall go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (2009: €373,054).

b) Luach Saothair an Stiúrthóra

Is ionann bunthuarastal bliantúil Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann do 2010 agus €110,844 (2009: €114,336). Is iad teidlíochtaí aoisliúntais an Stiúrthóra na teidlíochtaí caighdeánach de chuid scéim aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí.

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

14) Aoisliúntas

a) **Anailís na gcostas pinsin iomlán curtha de mhuirear ar an gCaiteachas**

	2011	2010
	€	€
Costas Seirbhíse reatha	1,600,000	1,700,000
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin	1,500,000	1,500,000
Ranníocaí Fostaí	(258,310)	(241,709)
	2,841,690	**2,958,291**

b) Gluaiseacht i nDliteanas Pinsin Glan i rith na bliana airgeadais

	2011	2010
	€	€
Dliteanas Pinsin Glan ar an 1ú Eanáir	(27,000,000)	(27,400,000)
Costas Seirbhíse Reatha	(1,600,000)	(1,700,000)
Costais Úis	(1,500,000)	(1,500,000)
Sochar / (caillteanas) achtúireach	364,000	3,417,000
Pinsin íoctha i rith na bliana	236,000	183,000
Dliteanas Pinsin Glan ar an 31ú Nollaig	**(29,500,000)**	**(27,000,000)**

c) Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann na méadanna seo mar shócmhainn ar chomhréir leis an dlíteanas iarchurtha neamhmhaoinithe do phinsin ar bhonn roinnt imeachtaí caite. Cuimsíonn na himeachtaí seo an bonn reachtúil do bhunú na scéime pinsin, agus an polasaí agus an cleachtas maidir le maoiniú pinsean seirbhíse poiblí le ranníocaí na bhfostaithe agus le próiseas bliantúil na meastachán san áireamh. Ní fios d'Ard-Mhúsaem na hÉireann nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo ar aghaidh ag baint amach a leithéid de suimeanna seo de réir an chleachtais reatha.

Bhí an Maoiniú Glan Iarchurtha do Phinsin aitheanta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar a leanas:

	2011	2010
	€	€
Maoiniú inghnóthaithe i leith costas pinsin na bliana reatha	3,100,000	3,200,000
Deontas an Stáit curtha i bhfeidhm chun íoc le pinsinéirí	(236,000)	(183,000)
	2,864,000	**3,017,000**

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin ar 31 Nollaig 2011 agus €29,500,000 (2010: €27,000,000)

d) Stair na n-oibleagáidí sochair sainmhínithe

	2011	2010	2009
	€	€	€
Oibleagáidí shochar sainmhínithe	29,500,000	27,000,000	27,400,000
Méid (ghnóthachan) / chaillteanais ó thaithí mar chuid de Dhliteanais na Scéime	(364,000)	(3,417,000)	(1,300,000)
Céatadán Dliteanas na Scéime	(12%)	(13%)	5%

Is ionann an gnóthachan achtúire carnach aitheanta sa Ráiteas faoi Chaillteanais Iomláin Aitheanta agus €5,409,000 (2010:€5,045,000).

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Is socrú sochair shainmhínithe tuarastail dheireanaigh í an scéim phinsin le sochair agus ranníocaí sainmhínithe de réir rialacha reatha "mhúnla" na hearnála poiblí.

Soláthraíonn an scéim pinsean (80ú codanna in aghaidh gach bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí 80ú cuid in aghaidh gach bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus leanaí.

Sí an Ghnáthaois Scortha ná 65ú breithlá bhall, agus tá baill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 ar aghaidh.

De ghnáth, méadaíonn pinsin faoi íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilscithe ghinearálta thuarastail na hearnála poiblí.

Leantar ar aghaidh ag íoc shochar pinsin maidir le fostaithe a ndeachaigh ar scor roimh an dáta bunaithe den 3 Bealtaine 2005 ón vóta do na hAoisliúntais agus na Liúntais Scoir.

Tá sochair phinsin maidir le fostaithe a ndeachaigh ar scor tar éis an dáta bunaithe iníoctha ag Ard-Mhúsaem na hÉireann de réir an Achta um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997. Tá foráil sna Ráitis Airgeadais seo do na costais seo.

Tá an luachú a baineadh úsáid as do na nochtaidh FRS17 (Athcheartaithe) bunaithe ar luachú achtúireach iomlán ar 2 Feabhra 2012 ag achtúire cáilithe, ag cur riachtanais an FRS17 san áireamh chun dliteanais na scéime ar an 31ú Nollaig 2011 a mheasúnú.

Seo a leanas mar a bhí na príomhthoimhdeana achtúireacha:

	2011	**2010**
Ráta Boilscithe	5.5%	5.5%
Rátá Méadaithe na dTuarastal	4.0%	4.0%
Ráta Méadaithe na bpinsean faoi íoc	4.0%	4.0%
Ráta Lascaine	2.0%	2.0%

Cuireann an bonn mortlaíochta glactha feabhsúcháin san ionchas saoil de réir a chéile san áireamh. Taispeánann an tábla thíos an ionchas saoil do bhaill ag éirí 65 bliana d'aois dóibh i 2011, 2030 agus 2050.

An bhliain ina sroichtear aois 65	**2011**	**2030**	**2050**
Ionchas saoil – fireann	22	22	22
Ionchas saoil – baineann	25	25	25

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

15) Áitribh

Tá Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí freagrach as seirbhísí a sholáthrú do thógáil agus do chothabháil na bhfoirgneamh (sealbhaithe nó neamhshealbhaithe) léasaithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann nó ina sheilbh; ní áiríonn sé seo fóntais. Comhlíontar na costais chuí ón Vóta d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

- Ard-Mhúsaem na hÉireann - na hEalaíona Maisiúla agus Stair, Dún Uí Choilleáin, Baile Átha Cliath 7. Tá an t-áitreabh seo sealbhaithe agus soláthraítear é saor ó chíos.
- Ard-Mhúsaem na hÉireann –Seandálaíocht, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Tá an t-áitreabh seo sealbhaithe agus soláthraítear é saor ó chíos.
- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra, Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Tá an t-áitreabh seo sealbhaithe agus soláthraítear é saor ó chíos.
- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe i dTeach Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo. Tá an t-áitreabh seo sealbhaithe agus soláthraítear é saor ó chíos.
- Stóráil Bhailiúchán ag an iarscoil saothair ag an Daingean, Co. Uíbh Fhailí. Tá an t-áitreabh seo sealbhaithe agus soláthraítear é saor ó chíos.
- Stóráil Bhailiúchán ag Tor an Bhacaigh, Baile Átha Cliath 2. Tá an t-áitreabh seo sealbhaithe agus soláthraítear é saor ó chíos.
- Áitreabh Cóireáil Bailiúchán, Béal Átha Liag, Co. Uíbh Fhailí. Tá an t-áitreabh seo sealbhaithe agus soláthraítear é saor ó chíos.

Tá an Lárionad Acmhainne Bailiúchán i Sord, Co. Átha Cliath foligthe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann ar léas 20 bliain ó Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí le cíos bliantúil de €860,000.

Tá an Tiarna Talún freagrach as creatlach agus díon an fhoirgnimh ar feadh tréimhse an léasa agus as an ngléasra agus na córais mheicniúla agus leictreacha ar feadh tréimhse chúig bliana ó dháta an léasa ar 17 Meán Fómhair 2010.

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

16) Táillí Bhall an Bhoird, Costais agus tinreamh ag cruinnithe

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo i gcaitheamh na bliana.

Tionóladh trí chruinniú Boird mar aon le dornán de chruinnithe an Choiste i 2011.

Thíos tá sonraí na dtáillí agus na gcostas a d-íocadh le baill an Bhoird i 2011.

Baill an Bhord	Táillí €	Costais €	Iomlán €	Líon na gcruinnithe Boird a freastalaíodh orthu
Gerard Collins	7,149	2,384	9,533	8
Bean Mary Crotty	5,657	-	5,657	7
Mairín de Brún	5,657	-	5,657	7
Dervilla Donnelly	5,657	-	5,657	7
Eileen Jackson	6,313	-	6,313	8
Olivier Kazmierczak	6,313	-	6,313	8
Paul Kelly	6,313	-	6,313	4
Eamonn McEneaney	6,313	1,998	8,311	8
Fergus Mc Kenna O'Hagan	7,149	-	7,149	5
Chris Nicholas	4,657	-	4,657	7
John O'Mahony (Chairman)	10,724	-	10,724	8
Gearóid Ó Tuathaigh	5,657	-	5,657	7
Frances Rocks	6,313	1,302	7,615	8
Mary Sleeman	6,313	396	6,709	5
Eamonn Stack	7,149	2,772	9,921	7
Peter Woodman	5,657	1,016	6,673	7
Iomlán	**102,991**	**9,868**	**112,859**	

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

16) Bailiúcháin

Níor dílsíodh an Bailiúcháin Náisiúnta atá ann sa Bhord ar lá a bhunaithe.

Ar an 31ú Nollaig 2010 níl sócmhainní oidhreachta frithchaite sa chlár comhardaithe.

Mhaígh Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann an méid seo a leanas i Ráitis Airgeadais Ard-Mhúsaem na hÉireann don bhliain 2010:

Beidh Ard-Mhúsaem na hÉireann ag glacadh leis na moltaí faoi mar atá siad leagtha amach i FRS30 (Cuntasaíocht do Shócmhainní Oidhreachta) sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2011.

De bhrí go bhfuil na socmhainní oidhreachta i seilbh an Stáit tá sé beartaithe ag an mBord gan glacadh leis na forálacha de chuid FRS30.

Toisc nádúr ilchineálach na réad coinnithe, líon na réad agus easpa margadhluachanna comparáideacha, tá an Bord den bharúil go bhfuil luacháil na mbailiúchán seo nó sonrú a gcostas bunaidh neamhphraiticiúil agus ar aon nós ní sholáthródh sé seo aon eolas a bheadh iomchuí ná úsáideach do mheasúnú a mhaoirseachta ar na Bailiúcháin.

Tá polasaithe an Mhúsaeim maidir le sealbhú, caomhnú agus diúscairt na socmhainní oidhreachtúla le fáil ar an suíomh gréasáin ‘s againne ag www.museum.ie. Léirítear bailiúcháin trí thaispeántas poiblí, foilseacháin agus trí léachtaí, taispeántaisí agus cláracha oideachasúla agus for-rochtana eile. Is féidir cead a fháil d’fhonn teacht ar ábhar nach bhfuil ar taispeáint trí iarraidh réamhtheachtach agus tá an méid seo faoi réir fáil ar acmhainní.

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

17) Dliteanais Theagmhasacha

a) Thit staighre go talamh i láthair riaracháin Mhúsaem Stair an Dúlra, Sráid Mhuirfean, foirgneamh atá faoi sheilbh agus faoi bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí, agus de bharr sin gortaíodh roinnt cuairteoirí.

Dá éis sin comhdadh éilimh de bharr díobháil phearsanta i gcoinne roinnt páirtithe le Ard-Mhúsaem na hÉireann san áireamh. Cuireadh na héilimh faighte faoi bhráid na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát do bhainistiú na n-éileamh seo.

I 2011 d'íoc Ard-Mhúsaem na hÉireann €135,310 (2010: €261,260) ar iomlán i socruithe maidir leis na héilimh seo.

Tá gelatanais aitheanta de €307,255 ag Ard-Mhúsaen na hÉireann maidir le trí héilimh i dtaobh na heachtra seo.

Tá idirbheartaíocht ar bun idir Ard-Mhúsaem na hÉireann agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le híocaíocht na n-éileamh seo. De bhrí go bhfuil an idirbheartaíocht ag leanúint ar aghaidh, níl foráil leagtha amach sna ráitis airgeadais do na cásanna seo.

a) Éilimh Chaidrimh Thionsclaíoch

I 2011 d'íoc Ard-Mhúsaem na hÉireann amach €15,000 (2010: €Nil) mar chuid de shocrú ar chás dlí fostaíochta sa Chúirt Oibreachais. Lena chois seo, cuireadh dhá éileamh phá faoi bhráid na Cúirte Oibreachais, áit nár thángthas ar réiteach.

Cás 1: Baineann sé seo le moladh ón gCúirt Oibreachais maidir leis an bPríomhfhreastalaí agus na Freastalaithe Sinsearacha.

Tá fógra faighte ag Ard-Mhúsaem na hÉireann gur dhein an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta na moltaí agus cinntí breithnithe cosúlacha a chur faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i 2010, de réir téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí.

Cás 2: Baineann sé seo le slándáil i gcaitheamh na hoíche san Ard-Mhúsaem Éireann – Seandálaíocht, Sráid Chill Dara. Mhol an Chúirt Oibreachais go ndéanfadh an ceardchumann bainteach aighneacht d'Ard-Mhúsaem na hÉireann, ag imlíniú a thogra.

Tá an idirbheartaíocht seo críochnaithe anois agus thángthas ar chomhaontú (i bprionsabal) agus cuireadh an méid seo faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i 2010.

Níl foráil leagtha amach sna ráitis airgeadais seo do na héilimh seo.

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

NÓTAÍ AG BAINT LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

18) **Teagmhais**

Amach ó na míreanna a dhéantar tagairt dóibh i nóta 18 thuas níl aon teagmhais ná caingne dlí gur gá leo sainsholáthar sna Ráitis Airgeadais.

19) Stoic

Déantar an stoc a luacháil ag an gcostas íochtarach nó ag an nglanluach inréadaithe

	2011	**2010**
	€	**€**
Stoc d'earraí indíolta athuair	607,832	563,893
	607,832	563,893

20) Figiúirí comparáideacha

Athrangaíodh cuid d'figiúirí na mblianta atá imithe chun bheith i gcomhréir le léiriú na bliana reatha.

23) Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an _____.